C/2025/954

7.2.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/954)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Granada’

PDO-ES-A1475-AM04

Dáta na teachtaireachta: 18 Samhain 2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

Foclaíocht fheabhsaithe maidir le lipéadú

Tuairisc:

Cuireadh feabhas ar an bhfoclaíocht chun a lua nach mór an t-ainm faoi chosaint ‘Granada’, san fhoirm agus leis na sonraí éigeantacha eile ar a laghad a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme, a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid fíonta buidéalaithe. I gcás fíon a dhéantar as fíonchaora ró-aibí, ní mór na focail ‘naturalmente dulce’ [milis go nádúrtha] nó ‘vendimia tarde’ [fómhar déanach] a áireamh.

Déanann an leasú seo difear do Roinn H.2 den tsonraíocht ‘Rialacha sonracha maidir le lipéadú agus pacáistiú’ agus Roinn 9 den doiciméad aonair, ‘Coinníollacha fíor-riachtanacha breise’.

Is leasú caighdeánach é toisc nach ionann é agus aon cheann de na hathruithe a leagtar amach in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Chun míthuiscint a sheachaint.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

   Granada

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

   1. Fíon

   4. Fíon súilíneach

   5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

   16. Fíon ó fhíonchaora ró-aibí

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 – Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala agus fíonta rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Fíonta geala: Cuma: Ní mór cuma ghlan agus ghlé a bheith ar an bhfíon, idir scothghlas geal agus buí ómra, lena gcuimsítear raon iomlán na ndathanna buí ag brath ar an gcineál táirgthe. Dea-bholadh: Beidh dea-bholaithe idir úr agus deas agus dea-bholaithe níos forbartha ag brath ar an gcineál táirgthe. Blas: Ní mór dó a bheith blasta agus saor ó fhabhtanna.

Fíonta rosé: Cuma: Ní mór don fhíon a bheith glan agus a bheith idir dath bándearg an-éadrom, a chuimsíonn an raon iomlán ton a cheadaíonn rosé, ag brath ar an gcineál táirgthe. Dea-bholadh: Beidh dea-bholaithe idir úr agus deas agus dea-bholaithe níos forbartha ag brath ar an gcineál táirgthe. Blas: Ní mór dó a bheith blasta agus saor ó fhabhtanna.

* Íosmhéid nirt alcóil iarbhír na bhfíonta geala as fo-limistéar Contraviesa-Alpujarra: 11 % de réir toirte.

* Íosmhéid nirt alcóil iarbhír na bhfíonta rosé as fo-limistéar Contraviesa-Alpujarra: 12 % de réir toirte.

* Is í an aigéadacht iomlán íosta (i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach) le haghaidh fho-limistéar Contraviesa-Alpujarra 4,5 gram in aghaidh an lítir (60,00 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

* Aigéadacht luaineach uasta 0,05 gram in aghaidh an lítir (0,833 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) agus an leibheál alcóil iarbhír i bhfíonta atá níos óige ná 1 bhliain d'aois. Ní fhéadfaidh fíonta os cionn 1 bhliain d'aois 1 ghram in aghaidh an lítir (1,66 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) suas le 10 % de réir toirte a shárú, ag méadú 0,06 ghram in aghaidh an lítir (1,00 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach leibhéil alcóil os cionn 10 % de réir toirte.

* Dé-ocsaíd sulfair: I bhfíon ina bhfuil cion siúcra < 5 ghram in aghaidh an lítir, is é 160 milleagram in aghaidh an lítir an cion dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta, agus i gcás cion siúcra ≥ 5 ghram in aghaidh an lítir, is é 200 milleagram in aghaidh an lítir an cion dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta.

* I gcás nach bhfuil aon teorainn leagtha síos, ní mór cloí le rialacha an Chomhphobail atá i bhfeidhm.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 10

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

2. *Fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cuma: Ní mór don fhíon a bheith glan agus glé, idir dearg le ton corcairghorm agus dearg le ton mahagaine. Dea-bholadh: Tá dea-bholaithe diana agus deasa air gan aon fhabht. Blas: Leis an gcéad bhlas agus de réir mar a fhorbraíonn sé sa bhéal, tá sé blasta agus saor ó fhabhtanna.

* Neart alcóil iarbhír íosta i bhfo-limistéar Contriavesa-Alpujarra: 13 % de réir toirte, agus neart alcóil iarbhír uasta de 16 % de réir toirte.

* Is í 4,5 gram in aghaidh an lítir (60.00 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) an aigéadacht iomlán íosta (i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach) le haghaidh fho-limistéar Contraviesa-Alpujarra.

* Aigéadacht luaineach uasta 0,05 gram in aghaidh an lítir (0,833 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) de réir leibhéal alcóil iarbhír i bhfíonta atá níos óige ná 1 bhliain d'aois. Ní fhéadfaidh fíonta os cionn 1 bhliain d'aois 1 ghram in aghaidh an lítir (1,66 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) suas le 10 % de réir toirte a shárú, ag méadú 0,06 ghram in aghaidh an lítir (1,00 milleachoibhéis in aghaidh an lítir) le haghaidh gach leibhéil alcóil os cionn 10 % de réir toirte.

* I bhfíon ina bhfuil cion siúcra < 5 ghram in aghaidh an lítir, is é 150 milleagram in aghaidh an lítir an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta, agus i gcás cion siúcra ≥ 5 ghram in aghaidh an lítir, is é 200 milleagram in aghaidh an lítir an cion dé-ocsaíde sulfair iomlán uasta.

* I gcás nach bhfuil aon teorainn leagtha síos, ní mór cloí le rialacha an Chomhphobail atá i bhfeidhm.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4.0 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): —

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

3. *Fíonta geala agus rosé ó fhíonchaora ró-aibí*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cuma: Ní mór don fhíon a bheith glan agus glé, agus na fíonta rosé idir dath bándearg an-éadrom agus dath dearg éadrom, a chuimsíonn an raon iomlán ton a cheadaíonn rosé agus le toin fhéideartha mhahagaine/dhonnrua. Is féidir dath idir buí órga agus ómra a bheith ar na fíonta geala, ag brath ar an gcineál táirgthe. Dea-bholadh: Saor ó fhabhtanna. Blas: Blasta agus saor ó fhabhtanna.

* Neart alcóil iarbhír uasta: 16 % de réir toirte.

* Uaschion sulfair: 200 milleagram in aghaidh an lítir má tá an siúcra iarmharach < 5 ghram in aghaidh an lítir; 250 milleagram in aghaidh an lítir má tá an siúcra iarmharach ≥ 5 ghram in aghaidh an lítir.

* I gcás nach bhfuil aon teorainn leagtha síos, ní mór cloí le rialacha an Chomhphobail atá i bhfeidhm.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

4. *Fíonta dearga a dhéantar as fíonchaora ró-aibí*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cuma: Ní mór don fhíon a bheith glan agus glé, agus dath air idir caordhearg le toin fhéideartha an ghairnéid agus dearg le toin mhahagaine/dhonnrua. Dea-bholadh: Saor ó fhabhtanna. Blas: Blasta agus saor ó fhabhtanna.

* Neart alcóil iarbhír uasta: 16 % de réir toirte.

* Uaschion sulfair: 150 milleagram in aghaidh an lítir má tá an siúcra iarmharach < 5 ghram in aghaidh an lítir; 200 milleagram in aghaidh an lítir má tá an siúcra iarmharach ≥ 5 ghram in aghaidh an lítir.

* I gcás nach bhfuil aon teorainn leagtha síos, ní mór cloí le rialacha an Chomhphobail atá i bhfeidhm.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 13

— Aigéadacht iomlán íosta: —

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): —

5. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán (geal agus rosé)*

TUAIRISC THÉACSÚIL ACHOMAIR

Cuma: Ní mór cuma ghlan agus ghlé a bheith ar na fíonta, agus dath na bhfíonta geala idir scothghlas geal agus buí ómra, lena gcuimsítear raon iomlán na ndathanna buí ag brath ar an gcineál táirgthe. Tá dath idir dath bándearg an-éadrom go dath dearg éadrom ar na fíonta rosé, a chuimsíonn an raon iomlán ton a cheadaíonn rosé, ag brath ar an gcineál táirgthe. Dea-bholadh: Beidh dea-bholaithe idir úr agus deas agus dea-bholaithe níos forbartha ag brath ar an gcineál táirgthe. Blas: Ní mór don bhlas a bheith blasta agus saor ó fhabhtanna. Ní mór freisin go mbeadh na tréithe orgánaileipteacha ag na fíonta atá sonrach dóibh, go háirithe maidir le cuma cúir, nach mór go mbeidís marthanach, chomh maith lena loinnir, a ndath, a ndea-bholadh agus a mblas.

* I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra' is í an aigéadacht iomlán íosta (arna sloinneadh mar aigéad tartarach) 5.5 gram in aghaidh an lítir (73.33 milleachoibhéis in aghaidh an lítir).

* I gcás nach bhfuil aon teorainn leagtha síos, ní mór cloí le rialacha an Chomhphobail atá i bhfeidhm.

Tréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11

— Aigéadacht iomlán íosta: 4,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 10,83

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 160

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Cion cineálacha fíonchaor de réir an chineáil fíona: Fíonta rosé: íosmhéid 25 % fíonchaora dearga

Tréithe na bhfíonchaor: neart íosta nádúrtha: 10 % de réir toirte le haghaidh fíonchaor geal, 11 % de réir toirte le haghaidh fíonchaor dearg agus 9 % de réir toirte le haghaidh fíonchaor atá beartaithe le haghaidh fíonta súilíneacha.

Úsáidtear roinnt de na cineálacha seo a leanas i bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán: Vigiriego (Vigiriega), Sauvignon Blanc, Chardonnay, Macabeo, Moscatel de Alejandría, Moscatel de Grano Menudo, Torrontés, Pinot Noir, Garnacha Tinta, Syrah, Blanca Gordal agus Viognier. I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra' ní mór na fíonta súilíneacha a dhéanamh as ceann de na cineálacha bunaithe agus astu sin amháin: Vigiriego (Vigiriega), Chardonnay agus Pinot Noir, agus ar a laghad 70 % de na fíonchaora a úsáidtear a bheith de chineál Vigiriego (Vigiriega).

Déantar na fíonta súilíneacha agus úsáid a baint as an 'modh traidisiúnta', lena mbaineann dara coipeadh sa bhuidéal agus tréimhse aosaithe idir buidéalú agus dímhoirtiú de 9 mí ar a laghad.

Le fáscadh eastósctar an fíon agus dealaítear ón marc é, agus ní fhéadfaidh an táirgeacht deiridh a bheith níos mó ná 70 lítear fíona in aghaidh 100 cileagram d'fhíonta a bhuaintear. I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra', ní fhéadfaidh an táirgeacht deiridh a bheith níos mó ná 65 lítear fíona in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora a bhuaintear.

Tá cosc ar dhíloirgeoirí lártheifeacha ardluais nó brúiteoirí nó fáisceáin leanúnacha a úsáid. Ní mór an fíon a dhéanamh agus a stóráil in umair nó i gcoimeádáin lena ráthaítear sláinte agus cáilíocht an fhíona.

Srian a bhaineann le fíonóireacht

Tá toirmeasc ar an méid seo a leanas:

— Úsáid codáin fíona arna bhfáil trí fháscadh mícheart i bhfíonta faoi chosaint.

— Úsáid slisíní darach i bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra' sa phróiseas táirgthe agus aosaithe, lena n-áirítear le linn choipeadh fíonchaor úr agus úrfhíona, agus le linn stórála.

— I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra' licéar dáileogachta a chur isteach agus cleachtais fhíoneolaíocha an aigéadaithe agus an dídhathaithe ag céim ar bith den táirgeadh.

Modh fáis

Dlús íosta plandaithe: 1 500 fíniúin/ha. Fástar agus treoraítear na fíniúnacha agus úsáid á baint as an modh cuachphrúnála, nó ceann de na leaganacha de, nó déantar treilísiú orthu. I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra', ní cheadaítear plandálacha measctha nach gceadaíonn an bhuaint a dheighilt i gcomhréir le cineál. Ceadaítear uisciú de réir na gcoinníollacha a leagtar amach sa tsonraíocht. Ní bhuaintear ach fíonchaora sláintiúla. I bhfo-limistéar 'Contraviesa-Alpujarra', iompraítear na fíonchaora i gcoimeádáin neamhscagacha, dochta, oscailte atá éasca le glanadh agus nach mó a mheáchan ná 30 kg. Toirmisctear málaí a úsáid.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor dearg

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor geal

9 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha le haghaidh fíonta súilíneacha

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha fíonchaor dearg seachas Tempranillo i bhfo-limistéar Contraviesa-Alpujarra

6 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

5. Cineál Tempranillo i bhfo-limistéar Contraviesa-Alpujarra

7 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. Cineálacha fíonta geala i bhfo-limistéar Contraviesa-Alpujarra

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

7. Fíonchaora atá beartaithe le haghaidh fíonta súilíneacha ó fho-limistéar Contraviesa-Alpujarra

12 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar críochaithe um tháirgeadh fíonchaor agus táirgeadh agus aosú fíonta a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh 'Granada' comhdhéanta de na bardais uile i gcúige Granada arb iad na bardais seo a leanas faoi láthair: Agrón, Alamedilla, Albolote, Albondón, Albuñán, Albuñol, Albuñuelas, Aldeire, Alfacar, Algarinejo, Alhama de Granada, Alhendín, Alicún de Ortega, Almegíjar, Almuñécar, Alpujarra de la Sierra, Alquife, Arenas del Rey, Armilla, Atarfe, Baza, Beas de Granada, Beas de Guadix, Benalúa, Benalúa de las Villas, Benamaurel, Bérchules, Bubión, Busquístar, Cacín, Cádiar, Cájar, La Calahorra, Calicasas, Campotéjar, Caniles, Cáñar, Capileira, Carataunas, Cástaras, Castilléjar, Castril, Cenes de la Vega, Chauchina, Chimeneas, Churriana de la Vega, Cijuela, Cogollos de Guadix, Cogollos Vega, Colomera, Cortes de Baza, Cortes y Graena, Cuevas del Campo, Cúllar, Cúllar Vega, Darro, Dehesas de Guadix, Dehesas Viejas, Deifontes, Diezma, Dílar, Dólar, Domingo Pérez de Granada, Dudar, Dúrcal, Escúzar, Ferreira, Fonelas, Fornes, Freila, Fuente Vaqueros, Las Gabias, Galera, Gobernador, Gójar, Gor, Gorafe, Granada, Guadahortuna, Guadix, Los Guájares, Gualchos, Güéjar Sierra, Güevéjar, Huélago, Huéneja, Huéscar, Huétor Santillán, Huétor-Tajar, Huétor Vega, Íllora, Itrabo, Iznalloz, Játar, Jayena, Jerez del Marquesado, Jete, Jun, Juviles, Lachar, Lanjarón, Lanteira, Lecrín, Lentegí, Lobras, Loja, Lugros, Lujar, La Malahá, Maracena, Marchal, Moclín, Molvízar, Monachil, Montefrío, Montejícar, Montillana, Moraleda de Zafayona, Moreda, Morelábor, Motril, Murtas, Nevada, Nigüelas, Nívar, Ogíjares, Orce, Órgiva, Otívar, Otura (Villa de), El Padul, Pampaneira, Pedro Martínez, Peligros, La Peza, El Pinar, Pinar, Pinos Genil, Pinos Puente, Polícar, Polopos, Pórtugos, Puebla de Don Fadrique, Pulianas, Purullena, Quéntar, Rubite, Salar, Salobreña, Santa Cruz del Comercio, Santa Fe, Soportújar, Sorvilán, La Taha, Torre-Cardela, Torvizcón, Torrenueva Costa, Trevélez, Turón, Ugíjar, Valderrubio, El Valle, Valle del Zalabí, Valor, Vegas del Genil, Vélez de Benaudalla, Ventas de Huelma, Villamena, Villanueva de las Torres, Villanueva Mesía, Víznar, Zafarraya, Zagra, La Zubia agus Zújar.

Laistigh de limistéar táirgeachta na bhfíonta atá cosanta ag Ainmniúchán Tionscnaimh 'Granada', tá trí fho-limistéar scoite amach mar thoradh ar a dtimpeallacht gheografach aonchineálach agus is gnách go dtagraítear dóibh mar seo a leanas:

— 'Geoparque-Norte' ina bhfuil na bardais Albuñán, Aldeire, Alicún de Ortega, Alamedilla, Alquife, Baza, Beas de Guadix, Benalúa, Benamaurel, Caniles, Castilléjar, Castril, Cogollos de Guadix, Cortes de Baza, Cortes y Graena, Cuevas del Campo, Cúllar, Darro, Dehesas de Guadix, Diezma, Dólar, Ferreira, Fonelas, Freila, Galera, Gobernador, Gor, Gorafe, Guadix, Huélago, Huéneja, Huéscar, Jérez del Marquesado, La Calahorra, Lanteira, Lugros, Marchal, Morelabor, Orce, Pedro Martínez, La Peza, Polícar, Puebla de Don Fadrique, Purullena, Valle del Zalabí, Villanueva de las Torres agus Zújar;

— 'Poniente' ina bhfuil na bardais Albolote, Albuñuelas, Alfacar, Alhama de Granada, Alhendín, Almuñécar, Arenas del Rey, Atarfe, Beas de Granada, Cájar, Cenes de la Vega, Cogollos Vega, Cúllar Vega, Deifontes, Dílar, Dúdar, Dúrcal, Las Gabias, Gójar, Granada, Los Guájares, Güéjar Sierra, Güevéjar, Huétor Santillán, Huétor Vega, Itrabo, Jayena, Jete, Lecrín, Lentegí, Molvízar, Monachil, Motril, Nigüelas, Nívar, Ogíjares, Otívar, Otura, El Padul, Peligros, El Pinar, Pinos Genil, Pulianas, Quéntar, Salobreña, Santa Cruz del Comercio, Santa Fe, El Valle, Vegas del Genil, Vélez de Benaudalla, Ventas de Huelma, Villamena, Víznar agus La Zubia.

— 'Contraviesa-Alpujarra' ina bhfuil na bardais Albondón, Albuñol, Almegíjar, Cádiar, Cástaras, Lobras, Murtas, Polopos, Rubite, Sorvilán, Torvizcón, Turón agus Ugíjar.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

CABERNET FRANC

CABERNET SAUVIGNON

CHARDONNAY

GARNACHA TINTA

MACABEO – VIURA

MERLOT

MOSCATEL DE ALEJANDRÍA

MOSCATEL DE GRANO MENUDO

PALOMINO

PARDINA - JAÉN BLANCO

PEDRO XIMÉNEZ

PETIT VERDOT

PINOT NOIR

ROME

SAUVIGNON BLANC

SYRAH

TEMPRANILLO

VIJARIEGO BLANCO - BIGIRIEGO

VIOGNIER

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fás fíniúnacha ó thús ama, iarsmaí seandálaíochta Molvízar, villa Rómánach le fíonlann. Traidisiún fíonóireachta, le tagairtí stairiúla a théann siar go deireadh an 19ú céad. Tá 50 % den achar dromchla os cionn 1 000 méadar os cionn leibhéal na farraige, a mbíonn tionchar dearfach aige ar cháilíocht na bhfíonchaor, in éineacht leis na héagsúlachtaí idir teochtaí uasta agus íosta i rith an lae, idir chomh hard le 39 °C agus chomh híseal le – 4 °C. Meánfhrasaíocht bhliantúil de 450 mm le meánlíon de 70 lá ar a thiteann báisteach. Ithir dhonn chailcreach, cion íseal ábhair orgánaigh, fosfair, nítrigine. Cinneann na tosca sin uile buntréithe na bhfíonta sin mar a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar fíon ar an mórchóir a bhogadh ach idir fíonlanna cláraithe. Ní mór na fíonta faoi chosaint a phacáistiú i bhfíonlanna a iontráladh sa Chlár. Tá gá leis an gceanglas sin chun a gcáilíocht orgánaileipteach a áirithiú, ós rud é gur féidir cáilíochtaí céadfacha an fhíona ar an mórchóir a athrú le linn iompair nó má chuirtear faoi réir dálaí díobhálacha é i bhfíonlanna lasmuigh den limistéar críochaithe.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór an t-ainm faoi chosaint ‘Granada’, san fhoirm agus leis na sonraí éigeantacha eile ar a laghad a leagtar síos sa reachtaíocht is infheidhme, a bheith le feiceáil go soiléir. I gcás fíon a dhéantar as fíonchaora ró-aibí, ní mór na focail ‘naturalmente dulce’ nó ‘vendimia tarde’ a bheith san áireamh.

Fíonta ar a bhfuil séalaí deimhnithe, lipéid uimhrithe nó lipéid dheimhniúcháin arna n-eisiúint ag an mBord Rialála.

Féadfaidh fíonta ceann amháin de na téarmaí ‘Geoparque-Norte’, ‘Poniente’ nó ‘Contraviesa-Alpujarra’ a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann siad na tréithe sonracha atá leagtha amach sa tsonraíocht le haghaidh an fho-limistéir sin.

Sonra roghnach: ‘An Andalúis’.

Chun an téarma ‘Fermentado en Barrica a úsáid’ ní mór go ndéanfaí an fíon a choipeadh i mbairillí darach ag a bhfuil toilleadh uasta de 600 lítear, agus go mbeadh sé sa bhairille ar feadh 3 mhí ar a laghad.

Chun an téarma ‘Barrica’ nó ‘Roble’ a úsáid’ ní mór go gcoimeádfaí an fíon i mbairillí darach ag a bhfuil toilleadh uasta de 600 lítear ar feadh 3 mhí ar a laghad.

Chun an téarma ‘Premium’ a úsáid ar fhíonta súilíneacha, ní mór tréimhse 12 mhí ar a laghad a bheith idir buidéalú agus dímhoirtiú.

Chun an téarma ‘Reserva’ a úsáid ar fhíonta súilíneacha, ní mór tréimhse 18 mí ar a laghad a bheith idir buidéalú agus dímhoirtiú.

Féadfar an téarma ‘Nuevo’ a úsáid le haghaidh fíonta neamh-shúilíneacha ón mbliain ina ndearnadh na fíonchaora a bhuaint, ar choinníoll go ndearnadh iad a bhuidéalú agus a lipéadú roimh an 1 Márta den bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh na fíonchaora a bhuaint.

Féadfar an téarma ‘Joven’ a úsáid le haghaidh fíonta neamh-shúilíneacha a dhéantar sa bhliain fíona chéanna ina dhéantar iad a lipéadú.

Féadfar na téarmaí ‘Naturalmente Dulce’ nó ‘Vendimia tardía’ a úsáid le haghaidh fíonta a dhéantar as fíonchaora ró-aibí a chomhlíonann na ceanglais eile a leagtar síos leis an reachtaíocht ábhartha.

Tá feidhm ag na téarmaí ‘Cosecha’ ‘añada’, ‘vendimia’ nó coibhéisí eile go heisiach maidir le fíonta ina ndearnadh 85 % de na fíonchaora a úsáideadh chun iad a dhéanamh a bhuaint sa bhliain atá luaite. Tá sé sin éigeantach ar lipéid fíonta socra neamh-shúilíneacha.

Féadfar ainm cineáil fíonchaoire a úsáid más den chineál sin 85 % nó níos mó de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh. Féadfar ainm an dá chineál a úsáid má dhéantar an fíon go hiomlán as na cineálacha sin, nach mór a liostú in ord íslitheach cainníochta.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://lajunta.es/54h8t